Glór na nGael

Ag forbairt na Gaeilge i gcursaí pobail, cuid agus teaghlaigh

Folúntas Poist

Tá an post seo maoinithe ag Foras na Gaeilge

Tá Glór na nGael tiomanta don chomhionannas deise agus cuirimid fáilte roimh iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. De réir fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.

Teideal Poist	Bainisteoir Cúnta Riaracháin
Grád	Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Tuarastal	€54,764-€68,970 (pro-ráta)
Uaireanta Oibre	24 uair sa tseachtain
Téarma	Conradh trí bliana Tá deis ann go síneofar an téarma ach an maoiniú a bheith ar fáil
Fostóir	Glór na nGael Teo.
Rannóg	Rannóg Riaracháin
Freagrach Do	Bainisteoir Riaracháin
Láthair Oibre	Bíonn Glór na nGael ag feidhmiú ar bhonn uile-oileánda. Samhlaítear gur cianobair atá i gceist leis an ról seo ach iarrfar ar an té a cheapfar obair a dhéanamh ar láthair ar leith, freastal ar imeachtaí/ócáidí timpeall na tíre agus freastal ar chruinnithe de chuid na heagraíochta ó am go chéile.

Proifíl an Phoist
Beidh an Bainisteoir Cúnta Riaracháin ag tacú leis an Bhainisteoir Riaracháin i gcúrsaí airgdeadais agus riarachán na heagraíochta sna dóigheanna seo a leanas:
Príomhdhualgais an Phoist

1	Íocaíochtaí laethúla a phróiseáil; sonraisc, billí, admhálacha agus duillíní íocaíochta san áireamh
2	Tacú le tuairiscí do na maoinaitheoirí a ullmhú ar bhonn ráithe agus ábhar póiblíochta a ullmhú a léiríonn baint amach ár gcuid spriocanna
3	Tacú le cuntais iniúchta a ullmhú gach bliain i gcomhar leis an chuntasóir seachtrach
4	Bheith freagrach ag córas clárúcháin Ghlór na nGael dár gcoistí, clubanna agus teaghlaigh
5	Bheith freagrach as córas clárúcháin imeachtaí na heagraíochta a riaradh ar TicketTailor
6	Tacú le grúpaí a spreagadh clárú linn trí fheachtas phóiblíochta a riaradh ar na meáin shóisialta
7	Tacú le párolla na heagraíochta a ullmhú gach mí
8	Bheith lárnach i scéimeanna deontais na heagraíochta; Deontas Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha, Deontas Bláthú agus eile
9	Costais taistil na foirne a riaradh gach mí
10	Socruithe taistil a dhéanamh don fhoireann nuair is gá
11	Aon chúram eile a cheapfaidh Bord Stiúrtha Ghlór na nGael a bheidh oiriúnach ó am go ham

Sonraíocht Faoin Phearsa

	Riachtanach	Inmhianaithe
Oideachas	Cáilíocht i gcuntasaíocht nó gnó dhigiteach nó taithí ábhartha	
Taithí Riaracháin	Taithí dhá bhliain i ról riaracháin agus airgeadais nó a mhacasamhail	Taithí le Xero, Salesforce, TicketTailor, Jotforms, Flashissue, Meáin Shóisialta Táithí ag plé leis an Rialálaí Carthanais
Scileanna	Ardleibhéal Gaeilge, scríofa	Tuiscint ar earnáil agus ar phobal

cumarsáide & Idirphearsanta	agus labhartha Bheith in ann caidreamh a thógáil le daoine agus le grúpaí, agus iad a spreagadh	na Gaeilge
Scileanna Praiticiúla agus tréithe pearsanta	Bheith in ann obair go héifeachtach mar chuid d'fhoireann agus leat féin Cumas bheith ag obair de réir spriocdhátaí teanna agus faoi bhrú Muiníneach, féinspreagtha, cruthaitheach agus dírithe ar spriocanna Eagraithe agus dírithe ar mhionsonraí Ceadúnas iomlán/glan tiomána agus teacht ar d'fheithicil féin	

Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)
Ar mhaithe lenár ndualgais a chomhlíonadh faoi RGCS tá sé riachtanach dúinn cúis dleathach a bheith againn do chuid sonraí pearsanta mar a bhaineann sé le d'iarratas a phróiseáil agus a stóráil.

Is cóir don iarrthóir a thuiscint go bhfuil leas dlisteanach ag Glór na nGael faoi reachtaíocht fostaíochta na sonraí seo a choimeád ar feadh tréimhse bliana.

Scriosfar na sonraí pearsanta seo nuair a théann an tréimhse ama sin in éag nó i gcás iarrthóir rathúil, coinnítear na sonraí pearsanta ar thaifead go dtí go gcríochnaíonn fostaíocht an fhostaí leis an eagraíocht.

Iarratais
Cuir CV agus litir chumhdaigh chuig post@glornangael.ie roimh meán lae, 05.01.2024

Déanfar teagmháil le hiarrthóirí faoi lár mí Eanair

Is féidir teacht ar níos mó eolais ach r-phost a chuir ag sara@glornangael.ie